STÓR FOCAL: CÚRSAÍ TEILIFÍSE

1. Féach ar na cineálacha clár éagsúla thíos. Smaoinigh ar chúpla sampla de na cineálacha éagsúla clár le do phairtnéir.

Clár spóirt	**Clár ceoil**	**Clár cainte**	**Clár grinn**
Clár cócaireachta	**Clár dúlra**	**Dráma**	**Teilifís réaltachta**
Sobalchlár	**Cartúin**	**Clár cúrsaí reatha**	**Clár faisnéise**

2. Anois, oscail suíomh idirlín TG4, https://www.tg4.ie/ga/, agus féach ar an leathanach baile ar feadh cúpla nóiméad. Roghnaigh trí nó ceithre chlár ansin a thaitneodh leat féin. Déan plé ar na roghanna atá déanta agat leis na daoine eile i do ghrúpa agus tabhair cúiseanna leis na roghanna atá déanta agat.

3. Tá roinnt abairtí thíos ina bhfuil tuairimí maidir le cúrsaí teilifíse. Líon gach bearna leis an aidiacht chuí ón mbosca.

greannmhar/ barrúil	leadránach	gruama	an-tugtha
inchreidte	oideachasúil	isteach go mór	an-tóir

a) Nuair nach bhfuil aon spraoi ag baint le clár agus tú ar tí titim i do chodladh, d'fhéadfá a rá go bhfuil sé _____!
b) Nuair a bhíonn tú sna trithí ag gáire ag féachaint ar chlár, d'fhéadfá a rá go bhfuil sé _____.
c) Má fhoghlaimíonn tú rudaí nua suimiúla ó chlár, d'fhéadfá a rá go bhfuil sé _____.
d) Is minic a bhíonn drámaí teilifíse aiféiseach agus nach mbíonn siad _____.
e) Tá mo dheirfiúr _____ do shobalchláir – féachann sí ar *Coronation Street* trí oíche sa tseachtain!
f) Tá _____ ar chláir cócaireachta faoi láthair ach is annamh a fhéachaim féin orthu.
g) Bíonn na cláir nuachta _____ go minic leis na drochscéalta ar fad a léiríonn siad.
h) Ní fhéachaim ar chláir réaltachta riamh. Cuireann siad _____ orm agus bíonn na hiomaitheoirí glórach agus drochbhéasach.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

4. **Cén Ghaeilge atá ar *Do you watch TV?*** Cuir an cheist thíos ar an duine in aice leat anois:

An mbreathnaíonn tú ar an teilifís go minic?

Cén freagra diúltach agus dearfach a bheadh ar an gceist sin?

An ndeir tú féin *An mbreathnaíonn tú?* Cén bealach atá agat féin chun é sin a rá? An féidir leat smaoineamh ar bhriathra eile atá difriúil sna canúintí éagsúla? An síleann tú go bhfuil mórán difríochtaí idir an chanúint atá agat féin agus na canúintí eile?

5. Féach ar na frásaí thíos a léiríonn dúil i gcineálacha éagsúla clár teilifíse. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na bearnaí sa cholún ar dheis a líonadh le frásaí a chuireann malairt tuairime in iúl?

Is breá liom sobalchláir.	
Is aoibhinn liom cláir cúrsaí reatha.	
Tá spéis mhór aige i gcláir dúlra.	
Taitníonn cartúin go mór le m'iníon.	
Tá dúil mhór ag Éilís i gcláir cheoil.	

MACHNAMH

Seicliosta agus Ceisteanna atá agam go fóill

San aonad seo, d'fhoghlaim mé:		😊	😐	☹️
1.				
2.				
3.				
4.				
5.				
6.				
7.				
8.				

Ceist(eanna) atá agam go fóill:

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad

FREAGRAÍ

A: STÓR FOCAL

1.

a) Nuair nach bhfuil aon spraoi ag baint le clár agus tú ar tí titim i do chodladh, d'fhéadfá a rá go bhfuil sé leadránach!
b) Nuair a bhíonn tú sna trithí ag gáire ag féachaint ar chlár, d'fhéadfá a rá go bhfuil sé greannmhar/barrúil.
c) Má fhoghlaimíonn tú rudaí nua suimiúla ó chlár, d'fhéadfá a rá go bhfuil sé oideachasúil.
d) Is minic a bhíonn drámaí teilifíse aiféiseach agus nach mbíonn siad inchreidte.
e) Tá mo dheirfiúr an-tugtha do shobalchláir – féachann sí ar *Coronation Street* trí oíche sa tseachtain!
f) Tá an-tóir ar chláir cócaireachta faoi láthair ach is annamh a fhéachaim féin orthu.
g) Bíonn na cláir nuachta gruama go minic leis na drochscéalta ar fad a léiríonn siad.
h) Ní fhéachaim ar chláir réaltachta riamh. Cuireann siad isteach go mór orm agus bíonn na hiomaitheoirí glórach agus drochbhéasach.

4.

- An mbreathnaíonn tú ar an teilifís go minic? Breathnaíonn / Ní bhreathnaíonn (Gaeilge Chonnacht)
- An bhféachann tú ar an teilifís? Féachaim / Ní fhéachaim (Gaeilge na Mumhan)
- An amharcann tú ar an teilifís? Amharcann / ní amharcann (Gaeilge Uladh)

5.

a) Is fuath liom sobalchláir / tá an ghráin agam ar shobalchláir.
b) Ní maith liom cláir cúrsaí reatha in aon chor / ar chor ar bith.
c) Níl aon spéis aige i gcláir dúlra / níl spéis dá laghad aige i gcláir dúlra.
d) Ní thaitníonn cartúin léi (in aon chor).
e) Níl dúil ar bith ag Éilís i gcláir cheoil.

© Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad